Tá **Ard-Mhúsaem na hÉireann (AMÉ)** ag lorg iarratas ó iarrthóirí oiriúnacha chun an post seo a leanas a líonadh: **Oifigeach Áiseanna (Bainisteoir Fáilteachais) (Cléireach Oibreacha Sinsearach)** in Ard-Mhúsaem na hÉireann. Is post lánaimseartha ar chonradh buan an post seo agus líonfar é trí agallaimh iomaíocha oscailte.

**Teideal an Phoist**

Oifigeach Áiseanna (Bainisteoir Fáilteachais) (Cléireach Oibreacha Sinsearach)

**Láthair**

Beidh an sealbhóir poist lonnaithe in Ard-Mhúsaem na hÉireann - Saol na Tuaithe, Páirc an Turlaigh, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo nó in aon láithreán eile de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann (AMÉ) de réir mar a ainmneofar ó am go cheile ag an Stiúrthóir le haghaidh dualgais a chur i bhfeidhm. D'fheadfadh sé go mbeadh ar an Oifigeach Áiseanna, Rannán Bhéaloideas na hÉireann taisteal go láithreáin ar bith de chuid an Mhúsaeim.

**Ag obair faoi**

Beidh an sealbhóir poist ag obair faoin gCeann Eastát

**Cuspóir an Phoist**

Na Leas-Bhainisteoirí Fáilteachais agus foirne Oifigigh Cuairteoirí agus Slándála a stiúradh, a threorú, a bhainistiú agus tacú leo eispéireas na gcuairteoirí a sholáthar. Comhoibriú leis an bhfoireann Eastát agus rannáin AMÉ eile chun tionscadail, cláir, beartais agus nósanna imeachta eile de chuid AMÉ a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm.

**Dualgais agus Freagrachtaí**

**Dualgais agus príomhghníomhaíochtaí**

Stiúrann, treoraíonn agus bainistíonn an duine sa ról seo foireann de bheirt Leas-Bhainisteoirí Fáilteachais agus ochtar Oifigeach Cuairteoirí agus Slándála. Díríonn an ról seo ar na foirne a fhorbairt maidir le heispéireas na gcuairteoirí a sholáthar.

Tá an ról lárnach do chomhoibriú agus do bhainistíocht na ngníomhaíochtaí ag an láithreán. Go háirithe ach gan a bheith teoranta do na rudaí seo a leanas, bainistíocht imeachtaí (imeachtaí oideachais agus corparáideacha), Gníomhaíocht saoráidí (sláinte agus sábháilteacht, cothabháil, slándáil, agus inbhuanaitheacht)

Comhoibriú le Leas-Bhainisteoirí Fáilteachais agus foirne Oifigigh Cuairteoirí agus Slándála:

- A chinntiú go soláthraítear an fhoireann chuí ag spásanna gailearaithe/poiblí agus go n-oibríonn na hoibríochtaí gan stró
- Oiliúint a fhorbairt, a fháil agus a chur i bhfeidhm agus tacú le cláir d'fhoirne fáilteachais a sholáthraíonn eispéireas na gcuairteoirí.
- Tacú le foirne agus baill foirne agus oiliúint a chur orthu
- Bheith i gceannas ar thionscnaimh athraithe a chur i bhfeidhm sa rannán Eastát.

Comhoibriú leis an bhfoireann Eastát níos leithne (Saoráidí, Sláinte agus Sábháilteacht, Ceannach, Slándáil agus Inbhuanaitheacht) chun:

- A chinntiú go bhfuil baill foirne oilte ar oibriú trealaimh, córas agus nósanna imeachta maidir le sláinte agus sábháilteacht agus slándáil agus cothabháil.
- Comhairle a thabhairt do phearsanra Eastát ábhartha faoi shaincheisteanna gnó agus oibríochtúla de réir mar is cuí.
- Teagmháil a dhéanamh le soláthraithe seirbhíse seachtracha m.sh. Oifig Oibreacha Poiblí, Comhairle Contae Mhaigh Eo de réir mar is cuí.

Comhoibriú le rannáin eile de chuid AMÉ chun:

- Gníomhaíochtaí ar an láithreán a chomhordú agus a bhainistiú
- Cathaoirleacht a dhéanamh ar chumarsáid tras-rannach gach seachtain ag an láithreán.
- Tionscadail agus imeachtaí a chur chun cinn in AMÉ

Comhoibriú leis an bhfoireann bainistíochta líne chun:

- Cur le beartas, nósanna imeachta agus dea-chleachtas a fhorbairt maidir le heispéireas na gcuairteoirí.

**Córais agus nósanna imeachta**

- Sceidil, córais agus uainchláir foirne a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Maoirseacht a dhéanamh ar oibríocht na gcóras bainistíochta idirbheart, mar shampla:
    - A chinntiú go bhfuil uainchláir/sceidil i bhfeidhm
    - A chinntiú go bhfuil an fhoireann ag baint úsáid as uainchláir/sceidil
    - A chinntiú go ndéantar taifead ar shaoire bhliantúil agus ar shaoire bhreoiteachta ar na córais ábhartha m.sh. ONSC.

**Forbairt Phearsanta**

- Riachtanais maidir le hoiliúint phearsanta agus forbairt scileanna a aithint agus dul i ngleic leo.

